BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Nollaig 2024*

(Státseirbhís – Oifigigh – Breithmheas – Tuarascáil mheastóireachta – Measúnú foirne 2021 – Reáchtáil chuí na n-imeachtaí – Prionsabal na neamhchlaontachta)

I gCás T-158/23,

Jean-Marc Colombani, atá ina chónaí in Auderghem (an Bheilg), arna ionadú ag N. de Montigny, Dlíodóir,

iarratasóir,

v

an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), arna hionadú ag R. Coesme, R. Spáč agus S. Falek, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: R. da Silva Passos, Uachtarán, I. Reine (Rapóirtéir) agus T. Pynnä, Breithiúna,

Cláraitheoir: H. Eriksson, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 2 Bealtaine 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína chaingean faoi Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, an tUasal Jean-Marc Colombani, ar an gCúirt Ghinearálta an tuarascáil mheastóireachta arna dréachtú ina leith le haghaidh 2021 a chur ar neamhní (‘an tuarascáil mheastóireachta atá faoi chonspóid’).

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Cúlra na díospóide

2 Is oifigeach ghrád AD 14 sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) é an t-iarratasóir. Chuaigh sé i mbun dualgas sa Choimisiún Eorpach an 1 Bealtaine 1990.

3 Bhíodh poist éagsúla ag an iarratasóir in SEGS ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh. Idir an 22 Meitheamh 2011 agus an 31 Bealtaine 2016, dhéanadh sé cúraimí chúntóir Ard-Rúnaí Feidhmiúcháin SEGS, ansin, ón 1 Meitheamh 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016, d'fheidhmíodh sé mar chomhairleoir san Ardrúnaíocht. I ndiaidh Ard-Rúnaí Feidhmiúcháin SEGS nua a cheapadh, ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh, ceapadh é mar chomhairleoir do dhuine de thriúr Fo-Ardrúnaithe SEGS. An 1 Bealtaine 2020, athchuireadh garoifigeach uachtarach an iarratasóra.

4 An 18 Feabhra 2021, rinne an t-iarratasóir iarratas ar chúnamh de bhun Airteagal 24 de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh ('na Rialacháin Foirne') de dheasca ciapadh síceolaíoch líomhainte arna dhéanamh air, ar chuir sé i leith ceathrair, a gharoifigeach uachtarach ina measc. Trí chinneadh an 15 Meitheamh 2021, diúltaíodh don iarratas sin a mhéid a bhain sé le gníomhartha beirte lena mbaineann. Os a choinne sin, chinn SEGS fiosrúchán riaracháin a thionscnamh maidir le garoifigeach uachtarach an iarratasóra agus maidir le duine eile.

5 Tionscnaíodh na himeachtaí meastóireachta le haghaidh 2021 an 2 Feabhra 2022. Ina fhéin-mheasúnú, luaigh an t-iarratasóir an t-iarratas ar chúnamh i leith ciapadh síceolaíoch maidir lena gharoifigeach uachtarach.

6 I ríomhphost arna sheoladh chuig oifig a gharoifigigh uachtaraigh, chuir an t-iarratasóir in iúl go raibh amhras air faoi choinbhleacht leasa a bheith ann de réir bhrí Airteagal 11a de na Rialacháin Foirne, i gcás inarbh é an garoifigeach uachtarach sin a bheadh i mbun an mheasúnaithe foirne.

7 Bhí an comhrá ag an iarratasóir lena gharoifigeach uachtarach faoina mheasúnú foirne le haghaidh 2021 ar an bhfón ar an 6 Bealtaine 2022.

8 An 2 Meitheamh 2022, shínigh garoifigeach uachtarach an iarratasóra a thuarascáil mheastóireachta agus an garoifigeach uachtarach sin ag fheidhmiú mar mheastóir. Sa tuarascáil sin, breithníodh go raibh a obair á déanamh ag an iarratasóir go sásúil. Bhí an measúnú a leanas, áfach, sa mhír maidir le feidhmíocht:

'Ghlac Jean-Marc Colombani le téarmaí tagartha nua i mí Aibreáin 2021, lena gcumhdaítear na tosaíochtaí seo a leanas, go háirithe: 1/comhoibriú míleata sibhialta 2/an tInd-Chiúin-Aigéanach 3/faisnéis straitéiseach le béim ar an gCompás Straitéiseach […] is oth liom nach ndearna Jean-Marc de réir an tríú tosaíocht. Chuirfí go héifeachtach trí obair na faisnéise straitéisí ar an gCompás leis an tuiscint ar chúrsaí idirbheartaíochta arna déanamh ar leithligh leis na Ballstáit, i bhfianaise go bhféadfaí tionchar a imirt ar chúrsaí idirbheartaíochta leis an díospóireacht phoiblí agus lena bhfuil á aschur ag ionaid taighde […]'

9 An lá céanna, rinne an t-iarratasóir achomharc in aghaidh an mheasúnaithe air trí iarraidh go gcuirfí ar fionraí na himeachtaí meastóireachta a bhaineann leis go dtí go mbeadh toradh ar na fiosrúchán riaracháin ar an gciapadh líomhainte arna thionscnamh i gcoinne, *inter alia*, a gharoifigigh uachtaraigh. Chuir an t-iarratasóir amhras i neamhchlaontacht a gharoifigigh uachtaraigh ina cháil mar mheastóir, ar an bhforas go raibh sé faoi réir a leithéide d'fhiosrúchán.

10 Tar éis agallamh leis an iarratasóir an 28 Meitheamh 2022, dheimhnigh Ardrúnaí SEGS, mar mheastóir achomhairc, an measúnú arna dhéanamh ag garoifigeach uachtarach an iarratasóra, dar dáta an 13 Iúil 2022.

11 An 19 Lúnasa 2022, rinne an t-iarratasóir gearán faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne i gcoinne na tuarascála meastóireachta atá faoi chonspóid.

12 An 25 Deireadh Fómhair 2022, chinn an t-údarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta SEGS a thabhairt i gcrích an clabhsúr glan a chur ar an bhfiosrúchán riaracháin ar chiapadh síceolaíoch líomhainte maidir le garoifigeach uachtarach an iarratasóra.

13 An 20 Nollaig 2022, glacadh an cinneadh chun diúltú do ghearán an iarratasóra.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

14 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an tuarascáil mheastóireachta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– an cinneadh chun diúltú don ghearán a chur ar neamhní, más gá;

– a ordú do SEGS na costais a íoc.

15 Iarrann SEGS ar an gCúirt Ghinearálta:

– diúltú don chaingean;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí

Ábhar na caingne

16 Tríd an dara cuntar éilimh dá chuid, iarrann an t-iarratasóir an cinneadh chun diúltú don ghearán a chur ar neamhní, más gá.

17 De réir cásdlí comhsheasmhach, i gcás nach bhfuil ábhar ar leith ag cinneadh chun diúltú do ghearán, is í an éifeacht atá le hordú a lorg go foirmiúil maidir leis an gcinneadh sin ná an gníomh a rinneadh an gearán ina choinne a chur faoi bhráid na Cúirte (féach breithiúnas an 14 Nollaig 2017, *RL* v *Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh*, T-21/17, EU:T:2017:907, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

18 Sa chás seo, níl ábhar ar leith ag an gcinneadh chun diúltú don ghearán, ós rud é nach ndéantar leis an gcinneadh sin ach an tuarascáil mheastóireachta atá faoi chonspóid a dheimhniú agus na cúiseanna de chuid SEGS a shoiléiriú trí fhreagra a thabhairt ar chlamhsáin an iarratasóra ina leith sin. Go deimhin, deimhnítear leis an gcinneadh sin, ar thaobh amháin, mar is amhlaidh an cás don

mheastóir, nach raibh meastóir an iarratasóra claonta, nárbh amhlaidh go raibh coinbhleacht leasa ag meastóir an iarratasóra agus gur dhleathach na himeachtaí achomhairc agus, ar an taobh eile, an measúnú ar chaighdeán oibre an iarratasóra le haghaidh 2021.

19 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil an chaingean á díriú ar an tuarascáil mheastóireachta atá faoi chonspóid, ar tuarascáil í nach mór scrúdú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil sí dleathach trí na cúiseanna arna lua sa chinneadh chun diúltú don ghearán a chur san áireamh chomh maith (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Samhain 2022, *QM* v *Europol*, T-164/21, EU:T:2022:695, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

An tsubstaint

20 Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, tríd an gcéad cheann acu, sárú ar na rialacha is infheidhme maidir leis na himeachtaí meastóireachta, Airteagail 11a, 12a agus 24 de na Rialacháin Foirne agus easpa oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht an mheastóra agus, tríd an dara ceann acu, earráid fhollasach bhreithmheasa agus mí-úsáid cumhachta.

21 Maidir leis an gcéad saincheist dlí, mar réamhphointe, ní mór a lua go dtagraítear in Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne don oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúnamh a thabhairt dá oifigigh agus dá sheirbhísigh eile atá faoi réir, *inter alia*, ciapadh síceolaíoch. Mar sin féin, ní ach leis an iarratas ar neamhniú na tuarascála meastóireachta atá faoi chonspóid amháin a bhaineann an chaingean seo. Tugtar le tuiscint uaidh sin nach mbaineann an chaingean seo le hiarratas ar neamhniú gnímh a bhaineann leis an iarratas ar chúnamh arna dhéanamh ag an iarratasóir. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'agairt na forála sin toisc í a bheith gan fheidhm.

22 É sin soiléirithe, tá dhá chuid sa tsaincheist dlí seo, lena n-éilítear, tríd an gcéad cheann acu, easpa oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht mheastóir an iarratasóra agus, tríd an dara ceann acu, sárú ar na rialacha is infheidhme maidir leis na himeachtaí meastóireachta.

23 Ó thaobh an chéad chuid den chéad saincheist dlí, tugann an t-iarratasóir chun cuimhne, agus an tuarascáil mheastóireachta atá faoi chonspóid á cur le chéile, ní hamháin go raibh iarratas ar chúnamh déanta aige maidir leis an gciapadh arna dhéanamh go líomhainte ag a gharoifigeach uachtarach, ach go raibh cinnte ag an lucht riaracháin fiosrúchán riaracháin a thionscnamh i leith an gharoifigigh uachtaraigh, nach raibh an clabhsúr air nuair a glacadh an tuarascáil sin. I gcomhthéacs den sórt sin, b'éadóigh go leanfadh a gharoifigeach uachtarach, lena mbaineann an fiosrúchán sin, de bheith neodrach neamhchlaonta i leith an iarratasóra.

24 Áitíonn an t-iarratasóir, le linn an agallaimh meastóireachta lena gharoifigeach uachtarach, gur lochtaigh an t-oifigeach uachtarach an t-iarratasóir as imeachtaí a reáchtáil ina choinne. Dá réir sin, bhí sé de cheart ag SEGS a mheas nach raibh a gharoifigeach uachtarach neamhchlaonta go hoibiachtúil ná go suibiachtúil ina leith agus meastóir eile a cheapadh le haghaidh an mheasúnaithe foirne le haghaidh 2021, rud a cheadaítear trí Chinneadh ADMIN(2022) 3 ó Ardrúnaí SEGS an 24 Eanáir 2022, lena nglactar na forálacha ginearálta maidir le cur chun feidhme Airteagal 43 agus Airteagal 44(1) de na Rialacháin Foirne maidir le tuarascálacha meastóireachta le haghaidh oifigeach agus gníomhairí sealadacha.

25 Measann an t-iarratasóir nár cheart do SEGS dul chun cinn leis na himeachtaí meastóireachta mar is iondúil agus d'fhéadfadh sé meastóir eile a cheapadh nó na himeachtaí meastóireachta a chur ar fionraí.

26 Maíonn an t-iarratasóir go raibh coinbhleacht leasa ag a gharoifigeach uachtarach de réir bhrí Airteagal 11a de na Rialacháin Foirne.

27 Áitíonn SEGS, i gcomhréir leis an gcásdlí, nach raibh an garoifigeach uachtarach claonta nó nach raibh coinbhleacht leasa aige toisc gur le linn na n-imeachtaí meastóireachta a pléadh leis an iarratas ar chúnamh arna dhéanamh ag an iarratasóir agus a rinneadh an fiosrúchán riaracháin. Mar sin, bhainfí an bonn ón toimhde neamhchlaontachta agus neamhchiontachta agus dhéanfaí difear do thorthaí an fhiosrúcháin arna thionscnamh trí gharoifigeach uachtarach an iarratasóra a scaoileadh óna dhualgais meastóra nó trí na himeachtaí meastóireachta a chur ar fionraí. Thairis sin, níor thuartha ná iomchuí na himeachtaí meastóireachta a chur ar fionraí, i bhfianaise an chásdlí agus rialacha infheidhme na Rialachán Foirne agus Chinneadh ADMIN(2022) 3.

28 Tugann SEGS faoi deara nár dearbhaíodh fírinne na líomhaintí maidir le ciapadh síceolaíoch a bhí déanta aige tríd an bhfiosrúchán riaracháin i leith gharoifigeach uachtarach an iarratasóra ach go háirithe.

29 Is é an tátal a bhaineann SEGS as sin ná gur sáraíodh an ceanglas maidir le neamhchlaontacht agus nach ndearnadh go raibh coinbhleacht leasa ag an ngaroifigeach uachtarach toisc go ndearna a gharoifigeach uachtarach measúnú ar an iarratasóir mar chuid de na himeachtaí meastóireachta i gceist, rud is léir chomh maith ó na measúnaithe arna ndéanamh sa tuarascálacha meastóireachta atá faoi chonspóid. Go deimhin, seachas idir iarratas reatha ar chúnamh a rabhthas ag plé leis agus fhiosrúchán riaracháin a bhaineann le garoifigeach uachtarach an iarratasóra a bheith ann, níor agair SEGS aon chomhartha sóirt féideartha eile ar shárú ar an gceanglas maidir le neamhchlaontacht agus ar na hoibleagáidí arna leagan amach le hAirteagal 11a de na Rialacháin Foirne. Chuir an t-iarratasóir argóintí ar aghaidh ar diúltaíodh dóibh le linn an fhiosrúcháin riaracháin nó maidir le hiompar a gharoifigigh uachtaraigh nár thug sé bunús leo.

30 Sa chás seo, ní mór a thabhairt chun cuimhne ar dtús gur malairt ar an gclaontacht amháin atá i gcoinbhleacht leasa, ó thagann na himthosca ar fad faoin gceanglas maidir le neamhchlaontacht a bhfuil sé intugtha síos dóibh go réasúnta ag an oifigeach nó ag an ngníomhaire, a thugtar air breith a thabhairt ar chás, go ndealraíonn tríú páirtithe orthu go bhféadfaí difear a dhéanamh dá neamhspleáchas tríothú (féach breithiúnas an 10 Feabhra 2021, *Spadafora* v *an Coimisiún*, T-130/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:74, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 I ndáil leis sin, is fíor go gcumhdaítear dualgas neamhchlaontacht na n-oifigeach sa chéad fhomhír d'Airteagal 11 de na Rialacháin Foirne, ar dá réir a bhfuil na cúraimí arna dtabhairt dó le comhlíonadh ag an oifigeach go hoibiachtúil neamhchlaonta.

32 Is tábhachtach a lua chomh maith go gceanglaítear ar na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais urraim a thabhairt do na cearta bunúsacha arna ráthú le dlí an Aontais, lena n-áirítear an ceart chun dea-riaracháin, a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (féach breithiúnas an 3 Nollaig 2019, *Pethke* v *EUIPO*, T-808/17, EU:T:2019:832, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Sonraítear in Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe, go bhfuil an ceart ag gach duine go bpléifí go neamhchlaonta lena chásanna ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

34 Fágtar le cásdlí comhsheasmhach nach mór d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais an ceanglas maidir le neamhchlaontacht a chomhlíonadh ina dhá chuid, idir neamhchlaontacht shuibiachtúil, ar dá réir a bhfuil sé le léiriú ag comhalta na hinstitiúide lena mbaineann nach bhfuil taobhaithe le héinne, nó réamhchlaonadh phearsanta, aige agus neamhchlaontacht oibiachtúil, ar dá réir a bhfuil ráthaíochtaí leordhóthanacha le tabhairt ag an institiúid sin ionas nach bhfuil aon údar maith amhrais ann faoi réamhchlaonadh féideartha (féach breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *Dalli* v *an Coimisiún*, C-615/19 P, EU:C:2021:133, mír 112 agus an cásdlí dá dtagraítear). I ndáil leis sin, shoiléirigh an Chúirt, ar mhaithe le léiriú nár tugadh ráthaíochtaí leordhóthanacha trí reáchtáil na n-imeachtaí riaracháin ionas nach bhfuil aon údar maith amhrais ann faoi réamhchlaonadh féideartha, ní cheanglaítear a chruthú nach rabhthas neamhchlaonta. Is leor go bhfuil údar maith amhrais ann ina leith sin atá doghlanta (breithiúnais an 27 Márta 2019, *August Wolff agus Remedia* v *an Coimisiún*, C-680/16 P, EU:C:2019:257, mír 37, agus an 21 Deireadh Fómhair 2021, *an Pharlaimint* v *UZ*, C-894/19 P, EU:C:2021:863, mír 54).

35 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar an gcéad chuid den chéad saincheist dlí.

36 Sa chás seo, tógann an t-iarratasóir an cheist maidir le neamhchlaontacht shuibiachtúil agus oibiachtúil a gharoifigigh uachtaraigh agus é ag fheidhmiú mar mheastóir.

37 Go háirithe, ó thaobh neamhchlaontacht oibiachtúil a gharoifigigh uachtaraigh, braitheann an t-iarratasóir ar an bhfiosrúchán a bhí fós ar feitheamh i gcoinne an gharoifigigh uachtaraigh le linn na n-imeachtaí meastóireachta.

38 I ndáil leis sin, mar a thugann SEGS faoi deara i gcomhréir le cásdlí comhsheasmhach, i gcás ina gcuirtear iarratas ar chúnamh, de réir bhrí Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne, faoi bhráid an údaráis ceapacháin de chuid institiúide, faoi Airteagal 90(1) de na Rialacháin Foirne sin, ní mór dó, *inter alia*, fiosrúchán riaracháin a dhéanamh, má thugann an t-oifigeach atá ag éileamh chosaint a institiúide fianaise *prima facie* ar aird ar fhírinne na n-ionsaithe a mhaíonn sé a bheith faoina réir, ar mhaithe le teacht ar an bhfírinne faoi bhunús an ghearáin, i gcomhar le húdar an ghearáin (breithiúnais an 24 Aibreán 2017, *HF* v *an Pharlaimint*, T-570/16, EU:T:2017:283, mír 46, agus an 13 Iúil 2018, *Curto* v *an Pharlaimint*, T-275/17, EU:T:2018:479, mír 97).

39 Dá bhrí sin, an 15 Meitheamh 2021, agus cinneadh á dhéanamh aige chun an fiosrúchán riaracháin a thionscnamh maidir le garoifigeach uachtarach an iarratasóra, mheas SEGS gur thug an t-iarratasóir fianaise *prima facie* ar aird i gcoinne a gharoifigigh uachtaraigh.

40 D'fhéadfadh a leithéid de chás a bheith ina húdar maith amhrais ag tríú páirtithe maidir le réamhchlaonadh féideartha gharoifigeach uachtarach an iarratasóra agus a dhualgais mar mheastóir an iarratasóra á bhfeidhmiú aige.

41 In imthosca amhail imthosca an cháis, ní inagartha ag SEGS toimhde gur neamhchlaonta garoifigeach uachtarach an iarratasóra. Ní inagartha ach oiread aige an cásdlí ar dá réir nach bhféadfaí neamhchlaontacht an duine is ábhar don ghearán a thabhairt faoi cheist toisc, agus dá thoisc sin inti féin, go ndearna an t-oifigeach gearán maidir le ciapadh i gcoinne oifigeach a bhfuil measúnú le déanamh aige ar a obair, in éagmais aon imthoisc eile (féach breithiúnas an 8 Samhain 2018, *QB* v *BCE*, T-827/16, EU:T:2018:756, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2021, *ZU* v *an Coimisiún*, T-671/18 agus T-140/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:715, mír 207). Go deimhin, mar is léir ón gcásdlí arna lua i mír 34 thuas, ó

thaobh sárú ar an oibleagáid maidir le neamhchlaontacht oibiachtúil, ní cheanglaítear a chruthú nach rabhthas neamhchlaonta. Is leor go bhfuil údar maith amhrais ann ina leith sin atá doghlanta. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí géilleadh do na hargóintí trína bhféachtar le suíomh nach raibh garoifigeach uachtarach an iarratasóra neamhchlaonta go suibiachtúil. Ina theannta sin, sa chás seo, le cois an ghearáin de chuid an iarratasóra, thionscain SEGS fiosrúcháin riaracháin chomh maith.

42 Mar is léir ó mhír 4 thuas, rinne an t-iarratasóir a iarratas ar chúnamh de bhun Airteagal 24 de na Rialacháin Foirne an 18 Feabhra 2021. Mar a luaitear i mír 5 thuas, áfach, tionscnaíodh na himeachtaí meastóireachta maidir le caighdeán oibre an iarratasóra le haghaidh 2021 an 2 Feabhra 2022, beagnach bliain amháin i ndiaidh thaisceadh an iarratais sin. Thairis sin, tionscnaíodh an fiosrúchán riaracháin an 15 Meitheamh 2021 maidir le ciapadh síceolaíoch líomhainte i ndáil le garoifigeach uachtarach an iarratasóra. Dá bhrí sin, bhí tréimhse ama leordhóthanach ag SEGS chun na bearta iomchuí a ghlacadh chun aon bhaol neamhchlaontachta oibiachtúla a sheachaint maidir le garoifigeach uachtarach an iarratasóra ina cháil mar mheastóir an iarratasóra.

43 Thairis sin, nuair a reáchtáladh an t-agallamh idir an t-iarratasóir agus a gharoifigeach uachtarach mar mheastóir, eadhon an 6 Bealtaine 2022, a bhí roimh an tuarascáil mheastóireachta, agus ar shíniú na tuarascála sin ag an ngaroifigeach uachtarach sin, eadhon an 2 Meitheamh 2022, ní raibh toradh an fhiosrúcháin riaracháin dá dtagraítear i mír 42 thuas i bhfios go fóill, ós rud é nár cuireadh an clabhsúr ar an bhfiosrúchán sin ach ar an 25 Deireadh Fómhair 2022 (féach mír 12 thuas). Is fíor gur cuireadh an clabhsúr glan ar an bhfiosrúchán riaracháin sin, ach nach raibh toradh sin an fhiosrúcháin i bhfios le linn an mheasúnaithe foirne.

44 Sna himthosca sin, tá údar maith ag an iarratasóir le háitiú nár reáchtáil SEGS na himeachtaí meastóireachta le haghaidh 2021 ar bhealach a dtabharfaí ráthaíochtaí leordhóthanacha ar neamhchlaontacht oibiachtúil an mheastóra.

45 Fágtar trí chásdlí comhsheasmhach, áfach, ionas gur féidir sárú nós imeachta a thabhairt mar údar le gníomh a chur ar neamhní, nár mhór a mhalairt de thoradh a bheith intagtha ar na himeachtaí mura ndéanfaí an sárú sin (féach breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2021, *Kerstens* v *an Coimisiún*, T-220/20, EU:T:2021:716, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Mar chuid de scrúdú dá leithéid, ní mór imthosca uile an cháis agus, go háirithe, cineál na ngearán agus méid na sáruithe nós imeachta arna ndéanamh i ndáil leis na ráthaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomhaire a chur san áireamh (féach breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2021, *Kerstens* v *an Coimisiún*, T-220/20, EU:T:2021:716, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Sa chás seo, tugtar le tuiscint ón sárú arna fhionnadh, eadhon nach raibh garoifigeach uachtarach an iarratasóra neamhchlaonta go hoibiachtúil agus é ag feidhmiú mar mheastóir, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 45 thuas, nach bhfuil an critéar maidir le neamhchlaontacht á chomhlíonadh ag garoifigeach uachtarach an iarratasóra ar mhaithe leis an ról mar mheastóir air a ghabháil air féin. Go deimhin, mar is léir ó mhír 40 thuas, d'fhéadfadh sé gur údar maith amhrais ag tríú páirtithe faoi réamhchlaonadh féideartha é an measúnú ar obair an iarratasóra arna dhéanamh ag a gharoifigeach uachtarach sular cuireadh an clabhsúr ar na himeachtaí maidir le ciapadh síceolaíoch arna líomhain i gcoinne an gharoifigigh uachtaraigh sin.

48 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, mar atá de réir an chásdlí, go bhfuil an rogha is mó ag meastóirí agus iad i mbun breithniú ar obair na ndaoine a bhfuil siad freagrach as measúnú a dhéanamh orthu agus nach bhfuil grinnscrúdú le déanamh ar fhiúntas an mheasúnaithe sin ag an gcúirt, lena n-áirítear breithnithe casta luacha nach bhfuil, de réir a gcineáil, infhíoraithe go hoibiachtúil, ach amháin i gcás earráid fhollasach (féach breithiúnas an 23 Meán Fómhair 2020, *VE* v *ESMA*, T-77/18 agus T-567/18, nár foilsíodh, EU:T:2020:420, mír 90 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 13 Iúil 2022, *TL* v *an Coimisiún*, T-677/21, nár foilsíodh, EU:T:2022:456, mír 38).

49 Sna himthosca sin, i bhfianaise na rogha is mó atá ag meastóirí, ní fhéadfaí é a chur as an áireamh gurbh intagtha a mhalairt de thoradh ar na himeachtaí i gcás nach ndéanfaí an sárú arna fhionnadh, eadhon nach raibh garoifigeach uachtarach an iarratasóra neamhchlaonta agus é ag feidhmiú mar mheastóir, go háirithe i gcás ina ngabhfadh duine eile air féin cúraimí mheastóir an gharoifigigh uachtaraigh sin.

50 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den chéad saincheist dlí.

51 Dá bhrí sin, ní mór an tuarascáil mheastóireachta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, gan gá le scrúdú a dhéanamh ar an dara cuid den chéad saincheist dlí agus den dara saincheist dlí, arna n-agairt ag an iarratasóir, agus ar inghlacthacht na fianaise arna tabhairt ar aird ag SEGS mar chuid den fhreagra ar na bearta eagrúcháin nós imeachta arna dtabhairt ag an gCúirt.

Costais

52 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

53 Ós rud é nár éirigh le SEGS, ní mór a ordú dó na costais a íoc i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag an iarratasóir.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Ceathrú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. Cuirtear ar neamhní tuarascáil mheastóireachta Jean-Marc Colombani le haghaidh 2021.

2. Ordaítear don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) na costais a íoc.

da Silva Passos Reine Pynnä

Arna thabhairt i gcúirt phoiblí i Lucsamburg, an 4 Nollaig 2024.

Sínithe